# Cruinniú na Meithle Forbartha maidir leis an Nuashonrú ar *Aistear*

## 15 Márta 2023

| Mír ar an gClár | Nótaí |
|---|---|
| 1. Miontuairiscí agus nithe ag éirí as | D'fháiltigh an Cathaoirleach an grúpa ar ais. Glacadh leis na miontuairiscí. Ní raibh aon nithe ag éirí as. |
| 2. Réamhrá agus Cuspóir *Aistear* | Tugadh réamhrá don ghrúpa maidir le rannóga *Réamhrá* agus *Cuspóra Aistear* a nuashonrú. Rinne baill na Meithle Forbartha athbhreithniú ar an dréacht-théacs agus thug siad aiseolas maidir leis. |
| 3. Comhthéacs Idirnáisiúnta | Roinneadh cur i láthair ar athbhreithnithe ar churaclaim idirnáisiúnta a choimisiúnaigh an CNCM mar chuid d'fhorbairt *Creatchuraclam na Bunscoile* le baill na Meithle Forbartha. Díríodh sa chur i láthair ar ailíniú curaclaim agus dul chun cinn idir oideachas agus cúram luathóige agus an bhunscoil. I ndiaidh an chuir i láthair seo bhí ionchur ar churaclaim luathbhlianta ón Astráil agus ón Nua-Shéalainn. Thug baillna Meithle Forbartha aiseolas ar an dá chur i láthair. |
| 4. Ábhar a Mholtar a chur san áireamh in *Aistear* Nuashonraithe | Bunaithe ar an bplé agus aiseolas a bhí ann roimhe seo,cuireadh réamhrá maidir le hábhar nua a mholtar d'*Aistear* Nuashonraithe i láthair don ghrúpa. Bhí plé agus aiseolas ann ina dhiaidh seo. |
| 5. AON GHNÓ EILE | Beidh an chéad chruinniú eile ar siúil an 19 Aibreán 2023. |